



Foirm iarratais chun athrú a dhéanamh ar

Mhinicíocht Íocaíochta an Liúntais Bhreosla

- Bain feidhm as peann gránbhiorach **DUBH**, le do thoil.
- Bain feidhm as **BLOCLITREACHA** agus cuir X sna boscaí cuí, le do thoil.
- Ní cóir duit feidhm a bhaint as an bhfoirm seo ach má fhaigheann tú ceann de híocaíochtaí a luaitear thall agus má fhaigheann tú Liúntas Breosla freisin agus más mian leat athrú a dhéanamh ar do mhinicíocht íocaíochta.
- Chun iarratas a dhéanamh ar Liúntas Breosla, líon an fhoirm iarratais **NFS 1** agus cuir ar ais chugainn í.

Cuid 1

Do shonraí féin

1. D'Uimhir PSP:

2. Ainm(neacha):

3. Sloinne:

4. Do dháta breithe:

L L M M B B B B

5. Cén íocaíocht a fhaigheann tú ón Roinn seo?

Sonraí Teagmhála

6. Do sheoladh:

Contae

Postchód

7. D'uimhir ghutháin:

GUTHÁN PÓCA

LÍNE THALÚN

Cuid 2

Do rogha íocaíochta

Is mian liom minicíocht íocaíochta mo Liúntais Bhreosla a athrú go: (Cuir 'X' i gceann de na boscaí thíos).

 Dhá íocaíocht i leith an tSéasúir Bhreosla* **NÓ** Gach seachtain sa Séasúr Breosla

Dáta:

L L

M M

2 0 B B B B

Siniú (ná húsáid bloclitreacha)

*Má dhéanann tú an rogha go bhfaighidh tú do Liúntas Breosla in dhá íocaíocht, eiseofar iad seo ar dhá eatramh i rith shéasúr an Liúntais Bhreosla. Má tá séasúr an Liúntais Bhreosla tosaithe cheana, leanfaidh tú d'íocaíochtaí a fháil gach seachtain go dtí go mbeidh an chéad tréimhse íocaíochta eile le tosú agus ansin iompóidh d'íocaíocht sheachtainiúil. Déantar an dá íocaíocht i dtosach an tSéasúir Bhreosla agus leathshlí tríd an Séasúr Breosla, de ghnáth.

Cuir an fhoirm líonta seo ar ais mar a leanas:

Caithfidh ceann de na híocaíochtaí a liostaítear thíos a bheith á fháil agat chun athrú a dhéanamh ar mhinicíocht íocaíochta do Liúntais Bhreosla.

Má fhaigheann tú aon cheann de na híocaíochtaí seo:

- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Cúnamh Feirme
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Liúntas Cuardaitheora Poist (Eatramhach)
- Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Cuir an fhoirm seo chuig:

Cuir an fhoirm seo chuig an oifig a phléann le d'íocaíocht.

- Pinsean na nDall
- Sochar Banchéile Thréigthe nó Liúntas Banchéile Thréigthe
- Pinsean Stáit (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach)
- Íocaíocht Slándála Sóisialaí ó thír faoi chumhdach Rialacháin an Aontais Eorpaigh nó ó thír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn (agus a bhfuil a macasamhail d'íocaíocht in Éirinn).

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán: (071) 915 7100

Íosghlao: 1890 500 000

- Liúntas Míchumais
- Pinsean Easláine
- Forlíonadh Éagumais faoi Scéim an Phinsin Mhíthreorach
- Pinsean Sochair Bháis faoi Rannóg an tSochair Dhíobhálacha Ceirde

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Guthán: (043) 334 0000

Íosghlao: 1890 927 770

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Ráiteas ar Chosaint Sonraí

Coinneoidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina rún an fhaisnéis ar fad agus na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn. Is cóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfar faisnéis a mhalartú le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile de réir an dlí.

Is mar threoir amháin a úsáidtear na mínithe agus na téarmaí san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dleathach iad.